**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Fhorbairt*

**2023/2073(INI)**

22.9.2023

# DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar chomhar um fhorbairt AE chun tacú le rochtain ar fhuinneamh i dtíortha i mbéal forbartha
(2023/2073(INI))

An Coiste um Fhorbairt

Rapóirtéir: Caroline Roose

# CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....................................3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ........................................................................................................11

## TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar chomhar um fhorbairt AE chun tacú le rochtain ar fhuinneamh i dtíortha i mbéal forbartha**
**(2023/2073(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint do Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SFInna), go háirithe SFI 1 maidir le díothú na bochtaineachta, SFI 7 maidir le rochtain ar fhuinneamh inacmhainne, iontaofa, inbhuanaithe agus nua-aimseartha a áirithiú do chách, SFI 9 maidir le tionsclaíocht agus bonneagar, agus SFI 13 maidir le gníomhú ar son na haeráide,

– ag féachaint d'Airteagal 208 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ina bhfuil laghdú na bochtaineachta agus, san fhadtéarma, díothú na bochtaineachta, mar phríomhchuspóir ag beartas forbartha AE, lena gceanglaítear go gcuirfidh 'an tAontas san áireamh cuspóirí an chomhair um fhorbairt sna beartais a chuireann sé chun feidhme ar dóigh dóibh difear a dhéanamh do thíortha i mbéal forbartha',

– ag féachaint don ráiteas comhpháirteach ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, na Parlaiminte agus an Choimisiúin an 30 Meitheamh 2017 maidir leis an gComhdhearcadh Eorpach Nua maidir le Forbairt – 'Ár ndomhan, ár ndínit, ár dtodhchaí'[1],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle[2],

– ag féachaint d'Airteagail 3(5) agus 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ina leagtar amach tiomantas an Aontais do chur chuige luachbhunaithe maidir le comhar um fhorbairt chun comhsheasmhacht maidir lena ghníomhaíocht sheachtrach a áirithiú, agus prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe á n-urramú agus forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil na dtíortha i mbéal forbartha a chothú,

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 maidir le maoiniú don aeráid in oirchill an 27ú Comhdháil de na Páirtithe (COP27) in Sharm El-Sheikh an 6-18 Samhain 2022, an 25 Eanáir 2021 maidir leis an taidhleoireacht aeráide agus fuinnimh - dul chun cinn a dhéanamh maidir le gné sheachtrach an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus an 28 Samhain 2016 maidir le fuinneamh agus forbairt,

---

[1] IO C 210, 30.6.2017, lch. 1.
[2] IO L 209, 14.6.2021, lch. 1.

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 dar teideal ‘An Comhaontú Glas don Eoraip’ (COM(2019)0640),

– ag féachaint do theachtaireacht an 8 Iúil 2020 ón gCoimisiún dar teideal ‘A hydrogen strategy for a climate-neutral Europe’ [Straitéis hidrigine d’Eoraip aeráidneodrach] (COM(2020)0301),

– ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ard-Ionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 18 Bealtaine 2022 dar teideal ‘EU external energy engagement in a changing world strategy’ [Rannpháirtíocht an Aontais i réimse an fhuinnimh sheachtraigh i ndomhan atá ag athrú] (JOIN(2022)0023),

– ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus do Bheartas Slándála an 1 Nollaig 2021 dar teideal ‘The Global Gateway’ (JOIN(2021)0030),

– ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 9 Márta 2020, dar teideal ‘I dtreo Straitéis Chuimsitheach leis an Afraic’ (JOIN(2020)0004),

– ag féachaint do thuarascáil an 5 Eanáir 2023 ón Rapóirtéir Speisialta maidir le hoibleagáidí chearta an duine a bhaineann le tairbhiú de chomhshaol sábháilte, glan, folláin agus inbhuanaithe dar teideal ‘Women, girls and the right to a clean, healthy and sustainable environment’, [Mná, cailíní agus an ceart chun comhshaoil ghlain, shláintiúil agus inbhuanaithe]

– ag féachaint don dréacht-chomhaontú comhpháirtíochta nua idir an tAontas Eorpach agus comhaltaí d’Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ESACC) (Comhaontú iar-Cotonou), a bhfuil an chaibidlíocht maidir leis tugtha i gcrích, ach nach bhfuil sínithe ná tagtha i bhfeidhm fós,

– ag féachaint do Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) agus do Phrótacal Kyoto a ghabhann leis, don 21ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (COP21) i bPáras, an 12 Nollaig 2015, arbh é an chéad chomhaontú uilíoch domhanda é riamh maidir leis an athrú aeráide a bhí ceangailteach ó thaobh dlí,

– ag féachaint do Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach, a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 13 Meán Fómhair 2007,

– ag féachaint do Thuarascáil Bhearna Astaíochtaí 2022 de Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe, agus don dara tuarascáil sintéise uaithi ar tháirgeadh breosla iontaise (Tuarascáil maidir le Bearna sa Táirgeacht 2021)[3],

---

[3] Institiúid Comhshaoil Stócólm, an Institiúid Idirnáisiúnta um Fhorbairt Inbhuanaithe, an Institiúid um Fhorbairt Thar Lear, E3G, agus Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe, ‘Tuarascáil 2021 – An Bhearna sa Táirgeacht: Tá táirgeadh breoslaí iontaise atá beartaithe ag Rialtais fós ag teacht salach ar theorainneacha Chomhaontú Pháras’, 2021.

– ag féachaint do thuarascáil 2022 ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta um Fhuinneamh Inathnuaite dar teideal ‘World Energy Transitions Outlook 2022: [Ionchas maidir le hAistrithe Domhanda Fuinnimh 2022:] 1.5 °C Pathway’[4],

– ag féachaint do thuarascáil chomhpháirteach 2023 ón mBanc Domhanda, ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta um Fhuinneamh, ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta um Fhuinneamh Inathnuaite, ó na Náisiúin Aontaithe agus ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte dar teideal ‘SFI 7 a rianú: An Tuarascáil um Dhul chun Cinn an Fhuinnimh, 2023’[5],

– ag féachaint do Phlean Gníomhaíochta an Aontais Afracaigh maidir le Téarnamh Glas 2021-2027, lena gcuirtear straitéis chuimsitheach ar fáil atá dírithe ar thionscnaimh ghlasa a chur chun cinn, astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, an comhshaol a chosaint agus athléimneacht maidir le hathrú aeráide a fheabhsú[6],

– ag féachaint do rúin uaithi an 14 Márta 2023 maidir le Comhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt[7], an 25 Márta 2021 maidir le Straitéis nua idir AE agus an Afraic – comhpháirtíocht d’fhorbairt inbhuanaithe agus chuimsitheach[8], an 15 Eanáir 2020 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip[9], an 1 Nollaig 2016 maidir le rochtain ar fhuinneamh i dtíortha atá i mbéal forbartha[10] agus an 2 Feabhra 2012 maidir le comhar AE um fhorbairt chun tacú leis an gcuspóir rochtain uilíoch ar fhuinneamh a bhaint amach faoi 2030[11],

– ag féachaint do thuarascáil ón gCoimisiún Domhanda maidir le Dambaí an 16 Samhain 2000 dar teideal ‘Creat nua cinnteoireachta’,

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhorbairt (A9-0000/2023),

A. de bhrí go sonraítear in SFI 7 cuspóir chun rochtain inbhuanaithe ar fhuinneamh inacmhainne agus glan a bhaint amach faoi 2030[12];

B. de bhrí, de réir na Náisiún Aontaithe, amhail ó lár 2023, níl rochtain fós ag thart ar 733 mhilliún duine ar fud an domhain, a bhfuil cónaí ar 80 % acu san Afraic Fho-Shahárach, ar fhuinneamh atá inacmhainne, iontaofa, glan agus ar ardchaighdeán[13];

---

[4] An Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Fhuinneamh Inathnuaite, ‘World Energy Transitions Outlook 2022: [Ionchas maidir le hAistrithe Domhanda Fuinnimh 2022:] 1.5 °C Pathway, An Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Fhuinneamh Inathnuaite’, Abu Dhabi, 2022.
[5] An Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Fhuinneamh, ‘SFI7 a rianú: An Tuarascáil um Dhul chun Cinn an Fhuinnimh, 2023’, Páras, Meitheamh 2023.
[6] An tAontas Afracach, ‘Plean gníomhaíochta an Aontais Afracaigh maidir le téarnamh glas’, Addis Ababa, 2021.
[7] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0071.
[8] IO C 494, 8.12.2021, lch. 80.
[9] IO C 270, 7.7.2021, lch. 2.
[10] IO C 224, 27.6.2018, lch. 167.
[11] IO C 494, 8.12.2021, lch. 80.
[12] Roinn Gnóthaí Eacnamaíocha agus Sóisialta na Náisiún Aontaithe. ‘Tuarascáil maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2023: Eagrán Speisialta – Iúil 2023’, Nua Eabhrac, SAM, 2023.
[13] An Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Fhuinneamh Inathnuaite, ‘Léirítear i dTuarascáil Nua go bhfuil Rochtain Bhunúsach ar Fhuinneamh ag Titim chun Deiridh i bhFianaise Deiseanna Inathnuaite’, 6 June 2023.

C. de bhrí gur saincheist inscne í an bhochtaineacht fuinnimh, a shainítear mar easpa foinsí inbhuanaithe, glana agus sábháilte fuinnimh, agus suas le tuairim agus 18 n-uair an chloig in aghaidh an lae ar an meán á gcaitheamh chun breoslaí cócaireachta a bhailiú[14];

D. de bhrí gurb iad breoslaí traidisiúnta cócaireachta (bithmhais sholadach, ceirisín agus gual) na príomh-rannpháirtithe maidir le hastaíochtaí carbóin agus gur bagairt iad ar shláinte daoine; de bhrí go bhfuil cistiú ó AE maidir le breoslaí glana cócaireachta an-íseal ar fad;

E. de bhrí go bhfuil flúirse foinsí inathnuaite fuinnimh ag tíortha i mbéal forbartha, ach gur minic nach bhfuil beartas cumasúcháin agus creat rialála maidir le forbairt agus úsáid inbhuanaithe fuinnimh acu;

F. de bhrí go ndearna AE mar aon lena Bhallstáit formhór mór an mhaoinithe maidir le cúnamh oifigiúil um fhorbairt a sholáthar do thionscadail SFI 7 san Afraic idir 2014 agus 2020, arb ionann é agus EUR 13.8 billiún; de bhrí go raibh 53 % eisíocaíochtaí i bhfoirm iasachtaí;

G. de bhrí go bhfuil an t-aistriú fuinnimh tearcmhaoinithe go mór agus go leanúnach i dtíortha i mbéal forbartha, go háirithe sna tíortha is lú forbairt;

H. de bhrí go bhfuil sé d'aidhm ag formhór tionscadal atá maoinithe ag AE giniúint leictreachais a chur chun cinn, ach gurb é an deighleog a bhaineann le dáileachán leictreachais an ceann is laige, in ainneoin go bhfuil sé riachtanach chun SFI 7 a bhaint amach;

I. de bhrí go ndearnadh athnuachan ar an gComhpháirtíocht Fuinnimh idir an Afraic agus an tAontas Eorpach i mí Feabhra 2022, agus cuspóirí sainráite san áireamh chun giniúint fuinnimh inathnuaite a chur chun cinn;

J. de bhrí go bhfuil sé d'acmhainneacht ag hidrigin ghlas dlús a chur le conair an dícharbónaithe, ar choinníoll go bhfuil sé mar chuid de straitéis níos leithne chun ídiú iomlán fuinnimh a laghdú;

K. de bhrí go gcuirtear réitigh maithe ar fáil do phobail iargúlta le fuinneamh in-athnuaite díláraithe mioneangach agus eiseangach, ach gur gá tacaíocht phoiblí a bheith ag gabháil leis chun samhail ghnó inmharthana a chruthú;

L. de bhrí go dtarraingítear aníos dúshláin le leathnú foinsí in-athnuaite bunaithe ar chumhacht ghréine agus ghaoithe freisin toisc go dteastaíonn limistéir mhóra talún uathu, agus dá thoradh sin go bhfuil siad ina mbac ar úsáid talún atá ann cheana agus riachtanais áitiúla, go háirithe maidir le rochtain ar uisce;

M. de bhrí go bhfuil comhfhreagracht atá difreáilte ag AE agus tíortha comhpháirtíochta chun aistriú chuig fuinnimh inbhuanaithe a bhaint amach; de bhrí, ar an gcéad dul síos, nach mór do thacaíocht AE maidir le tionscadail fuinnimh in-athnuaite riachtanais an daonra áitiúil a chomhlíonadh sula dtacaítear leis an onnmhairiú;

***Rochtain uilíoch ar fhuinneamh glan a chur chun cinn***

[14] Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe, 'Fuinneamh agus Comhionannas Inscne'.

1. á mheabhrú gur ceart bunúsach daonna í rochtain ar fhuinneamh; á chur i bhfáth gur gá todhchaí atá neodrach ó thaobh carbóin de agus forbairt foinsí in-athnuaite fuinnimh a bheith fite fuaite le laghdú na bochtaineachta agus cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine;

2. ag tathant ar thíortha i mbéal forbartha gealltanas a thabhairt maidir le ceartas fuinnimh trína gcreataí rialála, rud ar cheart glacadh áitiúil agus rannpháirtíocht an phobail a áirithiú;

3. á chur i bhfios go bhfuil tionchar díréireach ag bochtaineacht fuinnimh ar mhná agus cailíní; á thabhairt chun suntais go bhfuil cúram laethúil acu maidir le connadh agus fioghual a bhailiú i bhfad óna mbailte; á iarraidh ar AE dlús a chur lena thacaíocht maidir le príomhshruthú inscne san aistriú fuinnimh;

4. á chur in iúl gur cúis bhuartha di iarmhairtí sláinte agus comhshaoil toisc astaíochtaí connaidh teaghlaigh, amhail galair riospráide, díghrádú foraoisí agus cailliúint bithéagsúlachta;

5. ag tathant ar AE rochtain ar chócaireacht ghlan a ionchorprú mar thosaíocht ina chomhpháirtíochtaí fuinnimh le tíortha i mbéal forbartha;

6. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil méadú ag teacht ar riachtanais fuinnimh i measc dídeanaithe agus daoine easáitithe a chónaíonn i gcampaí;

***Tacú leis an aistriú fuinnimh i gcomhréir le prionsabal an chomhtháthaithe beartais ar mhaithe le forbairt***

7. ag tathant ar AE agus a Bhallstáit chun comhtháthú beartas a áirithiú ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe ar fud chlár oibre AE maidir le fuinneamh seachtrach;

8. á athdhearbhú go bhfuil sé tiomanta don cheartas fuinnimh; á iarraidh ar AE tacú le tíortha i mbéal forbartha chun córais fhuinnimh in-athnuaite bunaithe ar chearta an duine a chur chun feidhme; á chreidiúint gur réamhchoinníoll é an prionsabal toiliú saor, roimh ré agus feasach do phobail a ndéantar difear dóibh le haghaidh aistriú rathúil, glas agus cóir fuinnimh;

9. á thabhairt chun suntais gurb ann do rioscaí coinbhleachtaí talamhúsáide – athlonnú éigeantach agus díshealbhú do shuiteálacha mórscála fuinnimh in-athnuaite; ag tathant ar AE tacú le rialtais tíortha i mbéal forbartha chun:

   a) mapáil a dhéanamh ar úsáid thraidisiúnta talún, lena n-áirítear innilt ama, oidhreacht dhúchasach chultúrtha agus córais ardluacha bithéagsúlachta, sula bhforbrófar tionscadail fuinnimh in-athnuaite;

   b) saorthoiliú roimh ré agus feasach a lorg ó na pobail áitiúla, agus a gceart gan a dtoil a thabhairt a ráthú, chomh maith lena gcearta chun ceartais, sásaimh, cúitimh agus luacha saothair;

   c) critéir chomhshaoil agus shóisialta a shainiú agus a áirithiú go gcomhlíonfar iad trí shásraí formhaoirseachta agus casaoide;

10. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil tionscadail mhór-scála le fuinneamh glas (amhail cumhacht ghaoithe agus ghréine) á gcur ar bun i limistéir thalaimh thirim, mar shampla, gan comhairliúchán leormhaith leis na gnáth-úsáideoirí talún (amhail tréadaithe); á mheabhrú go bhfuil stádas lag dlíthiúil ag cearta traidisiúnta pobail, rud a mhéadaíonn an riosca go dtarlódh grabáil talún dá bhrí sin;

11. á mholadh gur cheart do Bhallstáit AE nach bhfuil Coinbhinsiún 169 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le pobail dhúchasacha agus threibheacha daingnithe acu déanamh amhlaidh;

12. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an tionchar atá ag cleachtais tiontaithe fuinnimh atá dian ar uisce, amhail gléasraí hidreachumhachta, ar phobail talmhaíochta;

13. á chur i bhfáth gur cheart meastóireacht ar aon phleanáil dambaí a dhéanamh de réir 5 luach: cothromas, éifeachtúlacht, cinnteoireacht rannpháirteach, inbhuanaitheacht agus cuntasacht;

14. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil líon méadaitheach tionscadail breoslaí iontaise san Afraic, rud a d'fhéadfadh cosc a chur ar a dul chun cinn tráthúil chuig fuinneamh in-athnuaite; á mheabhrú go bhfuil cion mór de tháirgeadh ola, gáis agus guail san Afraic ceaptha lena onnmhairiú, cé go bhfuil an mhór-roinn fós ag fulaingt de bharr bochtaineacht fuinnimh;

15. ag cáineadh na gcaighdeán dúbailte gur minice ná riamh go bhfuil gealltanais á ndéanamh ag institiúidí príobháideacha agus poiblí airgeadais i dtíortha forbartha chun neodracht charbóin a bhaint amach faoi 2050, agus forbairt agus leathnú breoslaí iontaise á maoiniú;

***Hidrigin ghlas***

16. ag tabhairt rabhadh i gcoinne an bhaoil a bhaineann le ‘mallacht na hidrigine glaise’ lena gcothófaí spleáchas na dtíortha i mbéal forbartha ar onnmhairí agus a d’fhéadfadh infheistíochtaí maidir le forbairt margaí fuinnimh áitiúla a phlódú; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an easpabonneagar is gá, costais iompair fhad-achair, na hinfheistíochtaí teoranta agus acmhainneachtaí airgeadais agus na rioscaí a bhaineann le hinstitiúidí laga agus éilliú; á iarraidh ar AE gan tacú le luachshlabhra na hidrigine glaise a fhorbairt ach amháin nuair is féidir leis a ráthú go rachaidh sé chun tairbhe do thíortha onnmhairithe agus dá ndaonraí;

17. á aithint go bhfuil drochthionchair shóisialta agus chomhshaoil ag baint le leathnú na hidrigine glaise sa Domhan Theas freisin, go háirithe toisc go bhfuil sé ar brath ar mhianadóireacht agus ar úsáid amhábhar agus dúile tearc-chré; á chur i bhfáth gur gá córas domhanda maidir le rialachas acmhainní a fhorbairt lena dtugtar tosaíocht d’inbhuanaitheacht, éifeachtúlacht agus do chiorclaíocht, d'fhonn éileamh domhanda ar óghábhair a laghdú;

18. ag cur sonrú, agus é ina ábhar imní di, san easontas idir úsáid uisce a bhaineann le mianadóireacht agus forbairt gléasraí fuinnimh in-athnuaite ar mórscála, amhail hidrigin ghlas; á athdhearbhrú gur ceart bunúsach daonna í an rochtain ar uisce;

19. á chur i bhfáth go bhfuil gá le huisce a rialáil mar acmhainn chun hidrigin ghlas a tháirgeadh ar bhealach inbhuanaithe, ionas nach gcuirfidh sé rochtain pobal áitiúil ar uisce i mbaol;

20. ag cur sonrú i leathadh gléasraí díshalannaithe chun dul i ngleic le ganntanas uisce; á chur i bhfios gur féidir drochthionchair a bheith ag an díshalannú sáile ar an gcomhshaol, go háirithe ar bhithéagsúlacht mhuirí; á thabhairt chun suntais gur minic go bhfuil sé níos saoire úsáid uisce a laghdú agus fuíolluisce chóireáilte a athchúrsáil nó a athúsáid ná an díshalannú;

21. á áitiú nach mór do straitéisí hidrigine glaise caighdeáin láidre shóisialta agus inbhuanaitheachta a leanúint; á iarraidh ar AE creataí cuí faireacháin a bhunú ina gcomhaontaithe comhpháirtíochta, lena gceadaítear a dtionchar níos leithne maidir le feidhmíocht SFI a mheas; á iarraidh go ndéanfaí staidéir riachtanacha tionchair comhshaoil a chur i gcrích agus go ndéanfaí teophointí bithéagsúlachta a eisiamh mar láithreáin le haghaidh saoráidí hidrigin ghlas;

22. ag tathant ar an gCoimisiún creat cuimsitheach rialachais a chur ar bun do chomhaontuithe comhpháirtíochta lena n-áirítear eagraíochtaí sochaí sibhialta chun a áirithiú go n-urramófar prionsabal na neamhdhíobhála maidir le pobail áitiúla agus go mbainfear amach caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine;

***Cistiú an mhéadaithe ar mhaithe le haistriú fuinnimh cóir***

23. á chur i bhfáth gur cheart maoiniú AE maidir le fuinneamh in-athnuaite a bheith i gcomhréir le prionsabail an chothromais agus an cheartais aeráide;

24. á iarraidh ar AE agus a Bhallstáit an méid cúnamh oifigiúil um fhorbairt a chuireann sé ar fáil d'earnáil an fhuinnimh a mhéadú, go háirithe san Afraic, tosaíocht a thabhairt do dheontais seachas iasachtaí agus maoiniú a atreorú chuig tíortha a bhfuil rátaí níos lú maidir le rochtain ar leictreachas acu chun tacú lena n-aistrithe fuinnimh agus cláir a fhorbairt lena n-éascaítear aistriú eolais agus teicneolaíochtaí glasa;

25. ag tathant ar AE tacú le tíortha i mbéal forbartha maidir le fóirdheontais breosla iontaise a chéimniú amach de réir a chéile agus díriú ar theicneolaíochtaí cócaireachta atá éifeachtúil, nua-aimseartha agus inacmhainne;

26. á iarraidh ar AE agus na hinstitiúidí maoinithe forbraíochta Eorpacha an méid seo a leanas a dhéanamh:

   a) infheistíochtaí a chur sa deighleog a bhaineann le dáileachán, go háirithe leictriú na tuaithe, agus tosaíocht a thabhairt do chórais fuinnimh in-athnuaite ar córais dhíláraithe, mhionscála agus eiseangach iad;

   b) a áirithiú go ndéanfar measúnuithe tionchair ar chearta an duine, go ndéanfar na coimircí agus leigheasanna sóisialta agus comhshaoil uile a chur chun feidhme go cuí agus go ndéanfar faireachán orthu, lena n-áirítear cearta an duine agus treoirlínte maidir le tionacht talún;

   c) an cur chuige bunaithe ar chearta an duine a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm go docht, lena soláthraítear sásraí éifeachtacha gearán agus sásaimh, go

háirithe i dtionscadail faoi thionscnamh na Tairsí Domhanda;

d) a áirithiú go n-urramófar le haon tionscadal damba a bhfuil maoiniú faofa aige na treoirlínte ón gCoimisiún Domhanda maidir le Dambaí;

°

° °

27. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá dul chun cinn fós á dhéanamh ag an domhan maidir lena spriocanna fuinnimh inbhuanaithe ach níl sé tapa go leor. Ag an luas atá ann faoi láthair, ní bheidh rochtain ar leictreachas fós ag thart ar 660 milliún duine agus beidh nach mór 2 bhilliún duine fós ag brath ar bhreoslaí agus ar theicneolaíochtaí truaillitheacha le haghaidh cócaireachta faoi 2030. Tá éagsúlacht shuntasach i rátaí dul chun cinn idir réigiúin. Tá formhór tíortha Fo-Shahárach chun deiridh maidir le rochtain uilíoch ar fhuinneamh a bhaint amach. Tá 18 % de dhaonra an domhain san Afraic ach is ionann é agus níos lú ná 6 % d'úsáid dhomhanda fuinnimh, agus níl rochtain ag 600 milliún duine nó 43 % den daonra ar leictreachas. Cónaíonn formhór na ndaoine sin i gceantair tuaithe agus lonnaíochtaí neamhfhoirmeálta nó is daoine easáitithe nó dídeanaithe iad. Agus fiú nuair a bhíonn rochtain acu ar leictreachas, is minic a bhíonn cáilíocht na seirbhísí sin go dona.

Cuimsíonn an Afraic Fho-Shahárach 19 dtír as na 20 tír a bhfuil an ráta is ísle ar domhan acu maidir le rochtain ar chócaireacht ghlan. In 2022, bhí 970 milliún duine san Afraic nach raibh rochtain acu ar chócaireacht ghlan. Bíonn 64 % d'Afracaigh ag brath den chuid is mó ar adhmad bailithe in éineacht le dramhaíola talmhaíochta agus ainmhithe mar bhreosla le haghaidh cócaireachta. Tá iarmhairtí ollmhóra sóisialta agus comhshaoil ag an easpa rochtana ar chócaireacht nua-aimseartha san Afraic: ar na hiarmhairtí sin, tá an tsláinte, an dífhoraoisiú agus an t-athrú aeráide. Ina theannta sin, tá an easpa spriocanna inscne le haghaidh fuinneamh glan ag déanamh dochar do mhná agus cailíní.

Cé go bhfuil traidisiún fada ag AE maidir le comhar fuinnimh san Afraic – i bhfianaise go ndearna sé, in éineacht lena Bhallstáit, EUR 12.1 billiún nó formhór mór cistiú ODA a sholáthar le haghaidh thionscadail SFI7 san Afraic idir 2014 agus 2020 –, tá roinnt easnamh ann mar sin féin. Tá an t-aistriú fuinnimh tearcmhaoinithe go leanúnach sna Tíortha is Lú Forbairt. Is i bhfoirm iasachtaí a bhí formhór na n-eisíocaíochtaí, agus is cúis imní é sin maidir le inbhuanaitheacht fiachais, nuair a chuirtear san áireamh, in 2023, go bhfuil 21 thír ísealioncaim san Afraic in anacair fiachais nó i mbaol ina leith. Ina theannta sin, tá formhór na dtionscadal arna maoiniú ag AE dírithe ar bhonneagair mhóra giniúna leictreachais a chur chun cinn agus líonraí tarchurtha a idirnascadh chun margaí leictreachais comhtháite a chruthú, agus gur beag an tionchar atá acu maidir le rochtain ar leictreachas a chur chun cinn dóibh siúd nach bhfuil sé acu. Ar deireadh, tá cistiú AE le haghaidh cócaireacht nua-aimseartha imeallach. Measadh in 2020 gur thug Foireann na hEorpa níos lú ná 1 % di.

I bhfianaise an mhéid sin, creideann an Rapóirtéir go ndéanfar feabhsuithe faoi shainchúram Chomhpháirtíocht AE-an Afraic. Ar an gcéad dul síos, déanfaidh AE agus a Bhallstáit an méid cúnamh oifigiúil um fhorbairt atá dírithe ar earnáil an fhuinnimh san Afraic a mhéadú, agus tosaíocht á tabhairt do dheontais seachas iasachtaí i dtíortha atá i mbaol i leith anacair fiachais. Ar an gcaoi chéanna, chun bochtaineacht an fhuinnimh san Afraic a shárú, ba cheart maoiniú AE a atreorú chuig tíortha a bhfuil rátaí níos ísle acu maidir le rochtain ar leictreachas. Ba cheart níos mó béime a chur ar an deighleog maidir le dáileachán leictreachais mar ghné straitéiseach chun rochtain uilíoch ar fhuinneamh a chur chun cinn. Ba cheart inscne a phríomhshruthú agus beartais agus cláir forbartha AE um fhuinneamh san Afraic á ndearadh, agus beidh rochtain ar chócaireacht ghlan ina tosaíocht.

Ar bhealach níos leithne, creideann an Rapóirtéir go ndéanfaidh AE agus a Bhallstáit

Comhtháthú Beartas a áirithiú ar mhaithe le Forbairt Inbhuanaithe ar fud chlár oibre AE um fhuinneamh seachtrach; Ar an gcaoi sin, tacóidh AE le tíortha i mbéal forbartha chun córas bunaithe ar chearta maidir le fuinneamh in-athnuaite a chur chun feidhme, arbh é an réamhchoinníoll é chun ceartas fuinnimh a bhaint amach. Chuige sin, ní mór prionsabal an tSaorthoilithe Fheasaigh Roimh Ré (FPIC) atá ag na daonraí uile a ndéantar difear dóibh, a gceart gan a dtoil a thabhairt, a gceart chun ceartais agus sásaimh chomh maith lena gceart chun cúitimh agus luacha saothair a urramú go hiomlán chun glacadh áitiúil agus tairbhí do phobail áitiúla a áirithiú (maidir le poist, oiliúint, rochtain ar leictreachas, *etc.*).

Tá sé sin níos tábhachtaí fós toisc go dtugann tionscadail fuinnimh in-athnuaite ar mór-scála, amhail hidrigin ghlas atá bunaithe ar chumhacht ghréine agus ghaoithe, cumhacht hidrileictreach deiseanna agus dúshláin araon sa Domhan Theas. Mar shampla, cé go bhféadfadh ról suntasach a bheith ag hidrigin ghlas arna táirgeadh ó acmhainní in-athnuaite chun spriocanna aeráide Pháras a bhaint amach, d’fhéadfadh sí a bheith ina cúis le coinbhleachtaí úsáid talún agus d'fhéadfadh sí cur leis an mbochtaineacht.

De ghnáth, bíonn flúirse foinsí fuinnimh in-athnuaite ag tíortha i mbéal forbartha, rud a sholáthraíonn foinse fuinnimh atá níos saoire, níos inrochtana, níos cuimsithí agus níos iontaofa ná breoslaí iontaise. San Afraic, ina bhfuil go leor foinsí fuinnimh inbhuanaithe, féachtar ar limistéir talaimh thirime mar láithreáin iontacha chun cumhacht ghaoithe agus ghréine a ghiniúint. Mar gheall ar an aistriú fuinnimh domhanda, tá treocht ann faoi láthair acmhainneacht ollmhór na limistéar sin a úsáid chun fuinneamh a tháirgeadh. Is é an chúis a bhíonn ag rialtais na dtíortha atá i mbéal forbartha chun údar a thabhairt le héadáil talún ná gur tailte ‘branair’ agus ‘díghrádaithe’ iad. Tá úsáid á baint ag daoine tréadacha éagsúla as na limistéir sin ar feadh na nglúnta, áfach, agus ag fiagaithe cnuasaitheoirí agus feirmeoirí barr mar acmhainní comh-mhaoine. Maidir leis na haistir i dtreo acmhainní in-athnuaite, is minic a dhéantar neamhaird ar a gcearta talún. Cuireann sé sin le héagóir aeráide agus an baol maidir le ‘grabáil talún le haghaidh fuinneamh glas’. Chun é sin a sheachaint, creideann an Rapóirtéir go bhfuil sé riachtanach mapáil úsáid thraidisiúnta talún (lena n-áirítear innilt ama), oidhreacht dhúchasach chultúrtha agus córais ardluacha bithéagsúlachta a fhorbairt, sula bhforbrófar tionscadail fuinnimh in-athnuaite, chomh maith le caighdeáin láidre shóisialta agus chomhshaoil, lena n-áirítear sásraí maoirseachta agus casaoide, chun a áirithiú go gcomhlíonfar iad. Measann an Rapóirtéir go léireoidh straitéis AE maidir le hidrigin ghlas san Afraic go hiomlán na hábhair imní sin agus go ndéanfar í a oiriúnú dá réir.

Ar deireadh, tabharfaidh AE dea-shampla agus cuirfear deireadh lena mhaoiniú maidir le tionscadail breoslaí iontaise san Afraic. Os a choinne sin, tabharfaidh institiúidí maoinithe forbraíochta AE agus Eorpacha tosaíocht dá n-infheistíochtaí agus cuirfear dlús leo i gcórais fuinnimh in-athnuaite atá díláraithe, ar mionscála agus lasmuigh den eangach, a chuireann réitigh maithe ar fáil do phobail iargúlta chun SFI7 a bhaint amach agus ‘gan aon duine a fhágáil ar lár’.